



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

GRAFAIC

Torthaí
Foghlama a
Fhiosrú

Lean sinn ar Twitter  @Jct4ed



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Sonraíocht Grafice



Réasúnaíocht

Cuireann gach ábhar teicneolaíochta eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis an oideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaim sna hábhair theicneolaíochta le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna lena spreagtar an scoláire chun fadhbanna a réiteach tríd an gcruthaitheacht, an nuálaíocht, an chumarsáid, an comhoibriú agus an fiosrú, scileanna a fhorbraítear i dtimpeallacht ghníomhach foghlama mar a bhfuil an scoláire in ann smaointe a fhorbairt go dtugtar chun críche iad.

Aithnítear an ghrafaic mar theanga bhunúsach na ndisciplíní teicneolaíochta agus is féidir í a úsáid thar réimse leathan ábhar, ar nós matamaitice, eolaíochta agus ealaíne. Úsáidfidh an scoláire meán éagsúla chun a smaointe agus a dhearaí a chur in iúl sa teanga ar leith seo. Ó thús deireadh an chúrsa, fiosróidh an scoláire an domhan geoiméadrach chun léirthuiscint a fháil do thábhacht na grafaice sa domhan mórthimpeall air. Forbróidh sé scileanna cognaíocha agus praiticiúla ar nós cumarsáid ghrafach, amharcléiriú spásúil, réiteach fadhbanna cruthaitheach, inniúlachtaí dearaidh agus samhltú, go físiúil agus trí dhearadh ríomhchuidithe a úsáid.

Forbróidh an scoláire a chruthaitheacht agus é ag fiosrú agus ag réiteach dúshlán dearaidh. I rith an phróisis réitigh fadhbanna, oibreoidh sé lena chomhscoláirí chun a smaointe a bheachtú ó choincheap teibí go dearadh deiridh, mionsonraithe, dréachtaithe. Tá teibiú agus réasúnú spásúil ríthábhachtach don phróiseas seo; cuireann grafaic go leor deiseanna ilghnéitheacha ar fáil don scoláire chun na scileanna ardleibhéal cognaíocha agus cruthaitheacha sin a fhorbairt i comhthéacsanna spésiúla.

Tá líníochtaí teicniúla cruinne riachtanach chun comhpháirteanna agus déantáin a dhearadh agus a dhéanamh. Caithfear faisnéis a chur in iúl go beacht nuair atá cáipéis fheidhmeach á hullmhú, agus sin é an t-idirdhealú idir líníocht theicniúil agus líníocht léiritheach na n-amharc-ealaíon. Teastaíonn pointeáilteacht mhór chun líníochtaí cruinne a tharraingt agus meon foighneach agus athléimneach. Déanfaidh an scoláire athbhreithniú agus machnamh ar a líníochtaí oibre go leanúnach, ag forbairt straitéisí feabhsaithe de réir mar a théann sé ar aghaidh.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag staidéar ar Ghrafaic na sraithe sóisearaí:

- cruthaitheacht, inniúlacht spásúil agus cumas réasúnaíochta agus cumarsáide smaointe an scoláire a fhorbairt, trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí réitigh fadhbanna geoiméadracha teibí agus feidhmeacha
- forbairt na scileanna cognaíocha agus deaslámhachta praiticiúla a bhaineann le cumarsáid ghrafach a spreagadh
- léirthuisicint do ról na grafaice sa domhan mórthimpeall air a chothú
- a chur ar chumas an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoin modh is fearr chun a chuid smaointe agus réiteach a léiriú
- táirgeadh líníochtaí a chuireann scileanna cumarsáide chun cinn trí ghrafaic a spreagadh
- scileanna cognaíocha agus praiticiúla an scoláire a bhaineann le samhltú agus cumarsáid ghrafaic a fhorbairt.

Sonraíocht Grafaice I.5

Ráitis Foghlama

An ráiteas

RF 15 Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhataimaiticiúil i réimsí uile na foghlama

RF 19 Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo

RF 20 Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha

RF 21 Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla

RF 23 Tógann an scoláire smaoinemh ar aghaidh ó cheapadh go réadú

RF 24 Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoinemh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticúil

Samplaí d'fhoghlaim ábhartha

Beidh an scoláire in ann tacú lena réitigh ar fhadhbanna geoiméadracha trí thagairt do choincheapa agus prionsabail chúí gheoiméadracha.

Déanfaidh an scoláire an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar a shaol féin, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol a mheasúnú.

Cinnfidh an scoláire céard iad na teicneolaíochtaí is feiliúnaí atá ar fáil dó agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad chun na critéir a bhaineann le fadhb dearaidh a shásamh.

Forbróidh an scoláire léirithe 3T de réitigh ar fhadhbanna trí shamhaltú leis na meáin chúí.

Fiosróidh an scoláire as féin smaointe chun fadhb a réiteach agus forbróidh sé a réitigh trí úsáid a bhaint as na scileanna samhaltaithe cuí a d'fhorbair sé.

Roghnóidh an scoláire uirlisí cuí ó na meáin dhigiteacha chun taighde a dhéanamh ar smaointe dearaidh agus chun iad a fhiosrú agus a léiriú.

Sonraíocht Grafaice I.6

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Sonraíocht Grafaice I.7

Torthaí foghlama

“Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an **eolas**, ar an **tuiscint**, ar na **scileanna** agus ar na **luachanna** ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGrafaic sa tsraith shóisearach”

Torthaí Foghlama i bhfeidhm thar na trí bhliana

Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith ‘curtha i gcrích’ fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa Ghrafaic go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Sonraíocht Grafaice I.13

Baineann Grafaic úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Dearadh í d’íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Tá sé d’aidhm ag an tsonraíocht seo cothromaíocht a bhaint amach idir an fhairsinge éidearthachtaí a chuireann staidéar ar an ábhar i láthair a fhiosrú agus deiseanna a chur ar fail d’eispéiris dhoimhne de réimsí áirithe de réir mar is cuí. Chuige sin, sa tsonraíocht seo, bíonn méid áirithe solúbthachta agus saoirse ag an múinteoir an fhoghlaím a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus meon cruthaitheach an scoláire féin. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach agus spreagúil.

Sonraíocht Grafaice I.9

Ag Obair le Torthaí foghlama

Téann briathar nó briathra gnímh le gach toradh foghlama i sonraíocht na Grafaice. Is é an briathar gnímh sna torthaí foghlama a chabhróidh leis na múinteoirí a shocrú cén cineál eispéiris foghlama agus measúnaithe a chuirfidh ar chumas na scoláirí baint gníomhach spreagúil a bheith acu leis na torthaí foghlama. Cabhraíonn na briathra gnímh le múinteoirí na heispéiris foghlama a dhearadh, eispéiris inar féidir le scoláirí eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a léiriú atá le fáil sna torthaí foghlama don Ghrafaic.

Tá míniúchán ar fáil ar gach briathar gnímh in Aguisín B de shonraíocht na Grafaice agus ar Uirlis Phleanála na Grafaice ar féidir teacht uirthi ach cliceáil [anseo](#).

2.9 dul chun cinn maointe/smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla

← Briathra gnímh

Beidh na gníomhaíochtaí foghlama ghníomhacha agus spreagúla ag teacht le briathar gnímh, mar shampla, luaitear i dtoradh foghlama 2.9 gur chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh deis ag scoláirí ‘cumarsáid a dhéanamh’ san eispéireas foghlama, agus ar an gcaoi chéanna ba chóir go dtabharfadh an measúnú deiseanna don scoláire / múinteoir monatóireacht a dhéanamh air sin agus aiseolas a thabhairt chun an fhoghlaim a chur chun cinn.

Úsáideann Grafaic cur chuige idirdhisciplíneach a spreagann comhtháthú na dtrí shnáithe agus na gceithre ghné i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Chun a chinntiú go mbíonn an t-eispéireas foghlama comhtháite agus aonad foghlama á dhearadh, moltar do mhúinteoirí torthaí foghlama a roghnú as measc na snáitheanna agus na ngnéithe uile seachas iad a dhéanamh astu féin. Cabhróidh gníomhaíochtaí foghlama ghníomhacha agus spreagúla ina mbíonn sceitseáil, grafaic ríomhchuidithe agus líníocht ar chlár leis an gcur chuige comhtháite seo.

Agus an phríomhfhoghlaim á sainaithe sna torthaí foghlama, tá sé tábhachtach tagairt a héanamh den Snáithe agus den Ghné ina dtiteann an toradh foghlama sin. Cabhraíonn tuairiscíní na Snáitheanna agus na nGnéithe chun an phríomhfhoghlaim i ngach toradh foghlama a shonrú.

Tá mionsonraí ar thuairiscíní gach Snáithe agus Gné sna leathanaigh seo a leanas. Cabhraíonn na tuairiscíní leis an múinteoir an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna sna torthaí foghlama a roghnú. Seachas a bheith ag breathnú ar gach toradh foghlama as féin, is fiú breathnú ar na torthaí foghlama agus tuairiscíní an tSnáithe agus na Gné cuí ar intinn agat.

SNÁITHE

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirithuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d’earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.

SNÁITHE 2: GRAFAIC 3T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.

SNÁITHE 3: GRAFAIC FHEIDHMEACH

Sa snáithe seo, tarraingeoidh an scoláire ar an eolas, ar na prionsabail agus ar na teicnící a forbraíodh trí na snáitheanna Grafaic 2T agus Grafaic 3T chun réitigh agus eolas a chruthú agus a chur in iúl go grafach. Ba chóir an scoláire a spreagadh lena thimpeallacht fhisiciúil a iniúchadh agus le prionsabail na Grafaice 2T agus na Grafaice 3T a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire na modhanna is cuí a roghnú chun a réitigh ar na fadhbanna seo a chur in iúl, idir mheáin ghrafacha a roghnú agus an mheicníocht chun iad a úsáid.

Gné

GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú

GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

GNÉ 3: CUMARSÁID

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chuí chun faisnéis theicniúil a chur in iúl, agus chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna a dhearadh. Ba chóir béim a chur ar inniúlachtaí an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí réimse meáin ghrafacha agus cinntí a dhéanamh faoi chomh cuí agus atá meáin shonracha i gcás chéimeanna sonracha an phróisis dearaidh.

GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an coláire a eolas ó hníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Aonaid Foghlama a Fhorbairt

Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo cabhrú le múinteoirí agus iad ag fiosrú na torthaí foghlama. Chun tuilleadh tacaí agus acmhainní molta a fháil chun aonaid foghlama a fhorbairt, breathnaigh ar rannán na Grafaice de www.jct.ie.

Is fearr a roghnófar torthaí foghlama d'aonad comhtháite foghlama ach naisc a aithint idir an phríomhfhoghlaim i dtorthaí foghlama ó Shnáitheanna agus ó Ghnéithe éagsúla. Leis na naisc a shainathint idir an phríomhfhoghlaim sna torthaí foghlama, ba chabhair é bileoga meabhairmhapála a úsáid chun torthaí foghlama a fhiosrú

Bileoga meabhairmhapála na dtorthaí foghlama

Ar an gcéad bhileog A3, roghnaigh an toradh foghlama ar mian leat é a fhiosrú, agus treorófar thú chun bileog A3 mar a léirítear sa léaráid thíos. Tá siad seo a leanas ar gach bileog:

1. An toradh foghlama roghnaithe.
2. Tuairiscín an tSnáithe ábhartha.
3. Tuairiscín na Gné ábhartha..
4. A definition of the action verb or verbs.
5. Nasc ar ais chuig na torthaí foghlama.

Clliceáil [anseo](#) chun taispeántas físeach a fheiceáil.

Is féidir na bileoga seo a phriontáil agus oibriú orthu mar a léirítear san fhíseán nó iad a homhlánú go leictreonach agus eagarthóir pdf in úsáid. Agus gach toradh foghlama á fhiosrú agat, aimsigh iad seo a leanas:

1. Cad é an t-**eolas** a ba chóir do scoláirí a fháil trí bhlaiseadh a bheith acu ar an bpríomhfhoghlaim sa toradh foghlama seo?
2. Cad iad na **scileanna** a ba chóir do scoláirí a fhorbairt chun **tuiscint** ar an **eolas** seo a léiriú?
3. Cad iad na **luachanna** a ba mhaith leat a chothú i scoláire chun cur lena fhorbairt ghinearálta?

Naisc úsáideacha

Clliceáil [anseo](#) chun roinnt de na straitéisí ranga ar [jct.ie](#) a fhiosrú
Clliceáil [anseo](#) chun cuairt a thabhairt ar rannán na Grafaice de [jct.ie](#)
Clliceáil [anseo](#) chun breathnú ar rannán na Grafaice de [curriculumonline.ie](#)

Roghnaigh an toradh foghlama ar mian leat a bheith ag obair air agus úsáid an leathanach chun an toradh foghlama a fhiosrú agus an phríomhfhoghlaim a shainaitint.

	SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T	SNÁITHE 2: GRAFAIC 3T	SNÁITHE 3: GRAFAIC FHEIDHMEACH
GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL	<p>1.1 <u>ionramháil cruthanna 2T a amharcléiriú</u></p> <p>1.2 <u>faisnéis ghrafach a anailísiú chun réiteach 2T a phleanáil</u></p> <p>1.3 <u>réitigh 2T a dhíorthú le meáin chuí</u></p>	<p>2.1 <u>ionramháil earraí 3T a amharcléiriú</u></p> <p>2.2 <u>faisnéis ghrafach a anailísiú chun réiteach 3T a phleanáil</u></p> <p>2.3 <u>réitigh 3T a dhíorthú le meáin chuí</u></p>	<p>3.1 <u>saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint</u></p> <p>3.2 <u>léirtheiscint a bheith aige do shaintréithe ceilte earra nó déantáin a theastaíonn chun é a léiriú</u></p> <p>3.3 <u>a thuiscint spásúil a thaispeáint le samhaltú agus/nó ionsamhlú</u></p>
GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH	<p>1.4 <u>léirtheiscint a bheith aige do ról na grafaice 2T i réitigh a chruthú</u></p> <p>1.5 <u>smaointe a léiriú le sceitsí saorlámhe chun a phróiseas smaointeoireachta a chur in iúl go cruinn</u></p> <p>1.6 <u>a thuiscint ar phrionsabail gheoiméadracha a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach</u></p> <p>1.7 <u>léirithe grafacha sonraí/faisnéise a léirmhíniú agus a chruthú</u></p>	<p>2.4 <u>léirtheiscint a bheith aige do ról na grafaice 3T i réitigh a chruthú</u></p> <p>2.5 <u>smaointe a fhorbairt le sceitsí saorlámhe agus meáin eile chun an próiseas smaointeoireachta a chur in iúl go cruinn</u></p> <p>2.6 <u>a thuiscint ar phrionsabail 3T a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach</u></p> <p>2.7 <u>réitigh ar fhadhbanna a chuirtear i láthair agus/nó a shainmhíniú a thógáil</u></p>	<p>3.4 <u>fadhbanna ó chomhthéacs réadúil agus fadhbanna teibí a réiteach le teicnící grafacha</u></p> <p>3.5 <u>a shaothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a mheas</u></p>
GNÉ 3: CUMARSÁID	<p>1.8 <u>dul chun cinn smaointe agus smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla</u></p> <p>1.9 <u>faisnéis 3T a léiriú le coinbhinsiúin 2T</u></p>	<p>2.8 <u>léiriú 3T ar dhéantán nó smaoinemh teibí a thógáil le meáin agus modhanna éagsúla</u></p> <p>2.9 <u>dul chun cinn smaointe/smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla</u></p>	<p>3.6 <u>smaointe/réitigh dearaidh a fhorbairt trí shamhaltú agus fréamhshamhlacha le meáin éagsúla</u></p> <p>3.7 <u>grafaic ríomhchuidithe a úsáid chun réitigh dearaidh a chur in iúl go héifeachtach</u></p> <p>3.8 <u>a chur chuige i leith tasc dearaidh a léiriú go grafach</u></p> <p>3.9 <u>teicnící éagsúla léirithe agus cur i láthair a chur i bhfeidhm chun cur le cumarsáid faoi réitigh.</u></p>
GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA	<p>1.10 <u>saintréithe cruthanna geoiméadracha a thuiscint</u></p> <p>1.11 <u>léirtheiscint a bheith aige do chur i bhfeidhm tógálacha geoiméadracha i réimsí eile staidéir</u></p> <p>1.12 <u>réitigh 2T a thógáil go cruinn de réir coinbhinsiúin ghrafacha.</u></p>	<p>2.10 <u>saintréithe earraí agus dromchlaí geoiméadracha a thuiscint</u></p> <p>2.11 <u>léirtheiscint a bheith aige do chur i bhfeidhm prionsabal geoiméadrach i réimsí eile staidéir</u></p> <p>2.12 <u>smaointe dearaidh a ghiniúint agus a fhorbairt le prionsabail agus tógálacha geoiméadracha cuí</u></p> <p>2.13 <u>prionsabail gheoiméadracha a chur i bhfeidhm chun réitigh 3T cruinne a thógáil de réir coinbhinsiúin ghrafacha.</u></p>	<p>3.10 <u>prionsabail an phlána agus geoiméadracht thuairisciúil a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm chun réitigh a chruthú</u></p> <p>3.11 <u>an chaoi ar spreag prionsabail agus tógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha feidhmeanna daonna a iniúchadh</u></p> <p>3.12 <u>léiriú cuí grafach ar réiteach ar fhadhb comhthéacsúil dá rogha féin a fhorbairt</u></p>

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú.

Amharcléirigh rud atá teibí nó rud nach bhfeiceann an tsúil a chruthú san intinn nó sa tsamhlaíocht

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú.

Anailísigh staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas



Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú.

Díorthaigh ceapadh nó ullmhú ó choincheapa

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisct do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

Léirthuisct a bheith ag... do... brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisct do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

Léirigh (go grafach) líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

Cuir i bhfeidhm faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



Cruthaigh an topaic atá le déanamh a phróiseáil agus foirm a thabhairt di ach úsáid a bhaint as modhanna agus ábhar roghnaithe agus/nó foirm nua a thabhairt don ábhar a úsáidtear

Léirmhíniú eolas agus tuiscint a usáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Léirmhíniú (aeistéitiúil) brí a shannadh do rudaí ar bhonn breathnuithe agus eolas comhthéacsúil; éifeacht íomhá a chur i bhfocail trí réasúnú agus míniú ar bhonn machnaimh agus tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil an íomhá mar atá sí agus **nach bhfuil sí** difriúil

GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 3: CUMARSÁID Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chuí chun faisnéis theicniúil a chur in iúl, agus chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna a dhearadh. Ba chóir béim a chur ar inniúlachtaí an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí réimse meáin ghrafacha agus cinní a dhéanamh faoi chomh cuí agus atá meáin shonracha i gcás chéimeanna sonracha an phróisis dearaidh.

Cuir in iúl comharthaí amhairc-ghothacha, comharthaí béil nó comharthaí eile a úsáid chun brí a roinnt nó chun faisnéis a mhalartú Idirghníomhú idir an seoltóir agus an faighteoir; oibríonn an bheirt le chéile le go mbainfear tuiscint amach

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas



Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 3: CUMARSÁID Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chúí chun faisnéis theicniúil a chur in iúl, agus chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna a dhearadh. Ba chóir béim a chur ar inniúlachtaí an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí réimse meáin ghrafacha agus cinntí a dhéanamh faoi chomh cuí agus atá meáin shonracha i gcás chéimeanna sonracha an phróisis dearaidh.

Léirigh (go grafach) líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin

Léirigh (cuir in iúl) rud a thabhairt chun cuimhne go soiléir agus go cinnte trí úsáid a bhaint as cur síos nó samhlaíocht

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA - Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a chuid eolais ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Tuig corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA - Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a chuid eolais ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabail agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Léirthuisicint a bheith ag... do... brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T- Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA - Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a chuid eolais ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Tóg tógáil trí ábhair nó páirteanna a chur le chéile

